

E. Sampla de Chomhad do Mhúineadh na Gaeilge: Rang a Sé



Uimhir Scrúdaithe S.C.G.:

	2	4	5
--	---	---	---

MÚINEADH NA GAEILGE

Ainm an Iarrthóra:	<i>Róisín Ní Sheachnasaigh</i>
Ainm na Scoile:	<i>Scoil Náisiúnta an Chnoic</i>
Seoladh na Scoile:	<i>An Tobar</i>
	<i>Baile na nGallóglaigh</i>
	<i>Co. Phort Láirge.</i>
Rang(anna):	<i>Rang a Sé</i>

Uimhir P.P.S.:

1	2	3	4	5	6	7	B
---	---	---	---	---	---	---	---

Uimhir Mhúinteora:

9	9	1	2	3	4	5	C
---	---	---	---	---	---	---	---

Deimhniú:

Deimhním gur mise, agus mise amháin, a rinne an obair sa Chomhad seo.

Síniú an Iarrthóra: *Róisín Ní Sheachnasaigh*

Dáta: *21/11/06*

Don Oifig Amháin:

Eilimint den Ghné Phraiticiúil de Mhúineadh na Gaeilge	Córas Marcála	Marcanna a Bronnadh	
Scéim Bhliana	3		
Scéim Sheachtaine	3		
Ceacht Scríofa	3		
Múineadh	6		
Iomlán	15		

Síniú an Fheitheora: _____ Faighte (dáta): _____

Scéim Bhliana don Ghaeilge

Ainm an Mhúinteora: Róisín Ní Sheachnasaigh

Rang: 6

Teanga bheo chumarsáide a bheidh sa Ghaeilge i mo sheomra ranga. Úsáidfear an Ghaeilge mar theanga chumarsáide laistigh agus lasmuigh de na ceachtanna foirmiúla Gaeilge. Beidh mé ag baint úsáide as cur chuige cumarsáideach i.e. beidh mé i gcónaí ag dul i dtreo na cumarsáide. Sna ceachtanna foirmiúla, beidh mé ag súil go mbeidh na páistí in ann úsáid a bhaint as an nGaeilge a bheidh á foghlaim acu chun cumarsáid a dhéanamh. Beidh mé ag súil freisin go mbeidh na páistí in ann úsáid a bhaint as an teanga sin lasmuigh de na ceachtanna foirmiúla. Dá bhrí sin, ní ábhar ar an gclár ama amháin a bheidh sa Ghaeilge. Beidh tábhacht ar leith ag baint le húsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge.

Úsáid Neamhfhoirmiúil na Gaeilge

Maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga de, tabharfaidh mé dea-shampla do na páistí. Cloisfidh na páistí mé ag labhairt Gaeilge leis an bPríomhoide, leis na múinteoirí eile agus le cuairteoirí eile chuig mo sheomra ranga. Bainfidh mé úsáid as an nGaeilge mar theanga chaidrimh. Is trí mheán na Gaeilge a bheannóidh mé do na páistí ar maidin (“Dia duit, a Aoife!”), a fhágfaidh mé slán leo sa tráthnóna (“Slán libh anois!”), a ghabhfaidh mé buíochas leo (“Go raibh maith agaibh!”), a mholfaidh mé iad (“Ar fheabhas, a Chaoimhín!”), a cheartóidh mé iad (“Na rithigí!”) agus araile. Bainfidh mé úsáid as an nGaeilge mar theanga bhainisteoireachta ranga. Is trí mheán na Gaeilge a thabharfaidh mé gnáthorduithe an lae (“Tógaigí amach bhur gcóipleabhair Mhatamataice,” “Seasaigí!” “Oscail an doras.” “Siúlaigí!” “Tabhair amach an bainne.” “Caith é sin sa bhosca bruscair.”)

Cabhróidh mé leis na páistí agus spreagfaidh mé iad, na gráthrudáí a bhíonn le rá acu, go neamhfhoirmiúil, i rith an lae, a rá thrí mheán na Gaeilge (“An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas?” “Níor éirigh mé in am.” “Níl aon pheann luaidhe agam.” “Rinne mé dearmad air.”) Beidh mé ag faire amach i gcónaí d’ócáidí i rith an lae ina mbeidh mé in ann na páistí a spreagadh le húsáid neamhfhoirmiúil a bhaint as an nGaeilge a bheidh á foghlaim acu sna ceachtanna foirmiúla. Cuirfidh mé fógraí cumarsáideacha i nGaeilge ar crochadh sa seomra ranga (“Nigh do lámha.” “Ná caith bruscar!” “Tóg leabhar.”).

Na Ceachtanna Foirmiúla Gaeilge

Is trí mheán na Gaeilge, i gcónaí, a bheidh mé ag múineadh. Bainfidh mé úsáid as cur chuige cumarsáideach. Beidh Feidhmeanna Teanga agam mar chuspóirí cumarsáide (mar shampla, mian a léiriú, ceist a chur). Roghnóidh mé Topaicí a bhaineann leis na Téamaí go léir as an gCuraclam. Beidh tús áite ag Topaicí agus ag suímh a bhaineann leis an bpáiste féin agus leis an scoil (mar shampla, An Grúpa Ceoil is Fearr liom, An Turas Scoile). Beidh na Snáitheanna (an Éisteacht, an Labhairt, an Léitheoireacht agus an Scríbhneoireacht) comhtháthaithe agus beidh deiseanna ag na páistí tabhairt faoi réimse leathan de ghníomhaíochtaí. Beidh an phríomhbhéim ar an Labhairt. I ngach ceacht, beidh trí thréimhse, An Tréimhse Réamhchumarsáide, An Tréimhse Cumarsáide agus Tréimhse Iarchumarsáide. Beidh mé ag iarraidh go mbeidh na ceachtanna Gaeilge chomh taitneamhach agus is féidir. Chuige sin, beidh deiseanna ag na páistí go leor cluichí teanga a imirt (mar shampla, Fiche Ceist, Lean na Treoracha). Beidh deiseanna acu rólímirt a dhéanamh agus obair bheirte a chleachtadh. Má dhéanann na páistí botúin agus iad ag labhairt, ní cheartóidh mé iad. Molfaidh mé a n-iarrachtaí. Tabharfaidh na páistí faoi réimse leathan de ghníomhaíochtaí feidhmiúla sa Léitheoireacht agus sa Scríbhneoireacht (mar shampla, fógraí, cártaí poist). Cuirfidh mé obair na bpáistí ar taispeáint. Bainfidh mé úsáid as réimse leathan d'áiseanna (mar shampla, éadaí peile, torthaí). Beidh modhanna múinte oiriúnacha in úsáid agam. Cibé gramadach a dhéanfaidh mé, déanfaidh mé í chun úsáid chruinn na teanga a chothú. Go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil, cothóidh mé Feasacht Teanga trí aird na bpáistí a dhíriú ar phatrúin spéisiúla laistigh den teanga agus ar chosúlachtaí agus ar dhifriochtaí idir an Ghaeilge agus teangacha eile. Cothóidh mé Feasacht Cultúir trí chúpla amhrán Gaeilge agus trí chúpla rince Gaelach a dhéanamh i rith na bliana agus trí áit a thabhairt do chluichí Gaelacha sna Topaicí a roghnóidh mé. Déanfaidh mé dul siar go minic agus cothóidh mé leanúnachas, ó lá go lá agus ó sheachtain go seachtain. Spreagfaidh mé na páistí, an Ghaeilge a fhoglaimeoidh siad sna ceachtanna, a úsáid lasmuigh de na ceachtanna.

Ceangail le hÁbhair Eile

San Ealaín, sa Chorroideachas agus sa Cheol, bainfidh mé an-úsáid as an nGaeilge mar theanga bhainisteoireachta ranga. Sa Tíreolaíocht agus sa Stair, beidh mé ag faire amach i gcónaí do dheiseanna an Ghaeilge a shníomh isteach. Sa Tíreolaíocht, mar shampla, logainmneacha (“Dún na nGall”, “Cluain Tarbh”, “Cill Chainnigh”) sa Stair, focail Ghaeilge i Stair na hÉireann (“Taoiseach”, “file”, “ficheall”, “Óglaigh na hÉireann”).

Measúnú

Go neamhfhoirmiúil, beidh súil ghéar á coimeád agam an t-am ar fad ar dhul chun cinn an ranga agus ar dhul chun cinn an pháiste aonair.

Sa chomhthéacs sin, beidh tábhacht ar leith ag baint leis na gníomhaíochtaí cumarsáide (san Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht) a mbeidh mé ag iarraidh ar na páistí páirt a ghlacadh iontu sa Tréimhse Cumarsáide i ngach ceacht. Cabhróidh an t-eolas seo liom, cruth a chur ar na ceachtanna a bheidh le teacht agus rudaí a gcaithfear dul siar a dhéanamh orthu, a aithint. Beidh mé ag iarraidh a fháil amach, i gcónaí, an bhfuil an páiste in ann an Ghaeilge a úsáideann an páiste i suíomh amháin, a thraschur go suíomh eile. Beidh súil ghéar á coimeád agam, chomh maith, ar dhearcadh an pháiste aonair i leith na Gaeilge agus ar fhonn an pháiste úsáid a bhaint as an nGaeilge go neamhfhoirmiúil lasmuigh de na ceachtanna Gaeilge.

Gníomhaíochtaí	Snáitheanna			
	Éist	Labh.	Léith.	Scríbh.
Rólimirt	•	•		
Obair Bheirte	•	•		
Agallaimh	•	•	•	•
Suirbhé	•	•	•	•
Fógra	•	•	•	•
Biachlár	•	•	•	•
Amchlár Teilifíse	•	•	•	•
Cárta Poist	•	•	•	•
Páipéar Grinn	•	•	•	•
Foirm Iarratais	•	•	•	•
Cuireadh	•	•	•	•
Crosfhocal	•	•	•	•
Nuacht	•	•	•	•
Scéalta	•	•	•	•
Dánta	•	•	•	
Amhráin	•	•	•	
Rincí	•	•		
Cluichí Teanga				
Fiche Ceist	•	•		
Tráth na gCeisteanna	•	•		•
Lean na Treoracha	•	•	•	•

Cluiche Cuimhne	•	•	•	•
Cá bhfuil sé?	•	•		
Cheannaigh mé	•	•		
Biongó	•	•	•	•
Mím	•	•		
Aimsigh na Difríochtaí	•	•	•	•
Críochnaigh an Pictiúr	•	•		
Cleachtaí Gramadaí	•	•	•	•
Cleachtaí Foghraíochta agus Litrithe	•	•	•	•

Feidhmeanna Teanga (Cuspóirí Cumarsáide): Na cinn atá aitheanta do Ranganna 5 agus 6 i gCuraclam na Gaeilge.

Dánta

Tóg go bóg é, a Mhúinteoir!
Cnámh
Báisteach
An Fear Bréige
Smugairle Róin
An Seilide

Amhráin Ghaeilge

Beidh Aonach Amárach
Óró mo Bháidín
Gorm

Rincí Gaelacha

Ballaí Luimní
Ionsaí na hInse

Áiseanna

Fíorearraí (Bianna, Éadaí agus araile)
Póstaeir
Dlúthdhíoscaí Éisteachta
Fíorleabhair Ghaeilge:
Téacsleabhar: [ainm an chinn atá ag na páistí]

Scéim Sheachtaine don Ghaeilge

Ainm an Mhúinteora: Róisín Ní Sheachnasaigh

Rang: 6

Seachtain: 20-25 Samhain, 2006

Téama: An Aimsir

Topaic: Ar Saoire

Feidhmeanna Teanga (Cuspóirí Cumarsáide)	Teidil na gCeachtanna	Snáitheanna			
		Éist.	Labh.	Léith.	Scribh.
<ul style="list-style-type: none"> • Ceist a chur • Ceist a fhreagairt • Fiosrú faoi thaitneamh • Taitneamh/easpa taitnimh a léiriú • Fiosrú faoi mhian • Mian a léiriú • Tuairisciú • Beannú do dhuine eile • Slán a fhágáil 	Lá 1: Fiche Ceist - Daoine Cáiliúla	•	•		
	Lá 2: Suirbhé, “Cá raibh tú ar saoire?”	•	•		•
	Lá 3: Ag Léamh Cárta Poist	•	•	•	•
	Lá 4: Ag Scriobh Cárta Poist	•	•	•	•
	Lá 5: Dul Siar, “Cárta Agam Duitse!”	•	•	•	•

Straitéis: Na páistí a spreagadh le pictiúir ó na páipéir, Cluichí Teanga (Fiche Ceist, Cluiche Tomhais), Obair Bheirte, Modh na Sraithe, na páistí a choinneáil gníomhach, obair ar taispeáint.

Áiseanna: Pictiúir de dhaoine cáiliúla, Póstaer “Ar Saoire”, cártaí poist, mála poist, an téacsleabhar [ainm an chinn atá ag na páistí].

Measúnú: Súil ghéar ar rannpháirtíocht an pháiste, ar thaitneamh an pháiste, ar chruinneas úsáide an pháiste.

Ceangail le hÁbhair Eile: Tíreolaíocht (Tíortha, An Aimsir, Caitheamh Aimsire). Ealaín (Tarraing pictiúir ar do chárta poist.)

Úsáid Neamhfhoirmiúil: “Céard a bhí ar siúl agat sa chlós/tráthnóna inné /ag an deireadh seachtaine?” “Cén sórt aimsire atá ann inniu?” “An bhfaca tú _____ ar an teilifís?”

Ceacht Gaeilge

Ainm an Mhúinteora: Róisín Ní Sheachnasaigh

Rang: 6

Dáta: 21 Samhain, 2006

Teideal an Cheachta: Suirbhé, “Cá raibh tú ar saoire?”

Cuspóirí: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

1. ceisteanna a chur agus a fhreagairt
2. fiosrú faoi thaitneamh agus taitneamh/easpa taitnimh a léiriú
3. fiche Ceist a imirt agus Cluiche Tomhais ar an bPóstaer, “Ar Saoire”
4. obair bheirte a dhéanamh
5. suirbhé a dhéanamh agus tuairisc a scríobh.

Áiseanna:

- Póstaer, “Ar Saoire”

An Tréimhse Réamhchumarsáide:

(dul siar)

- Rachaidh mé siar ar ainmneacha tíortha trí “Fiche Ceist” bunaithe ar dhaoine cáiliúla a imirt (Tiger Woods).

M: “An imreoir Gailf é?” P: “Is ea.” Agus araile.

(spreagadh/múscailt suime)

- Imreimid Cluiche Tomhais leis an bPóstaer, “Ar Saoire” – an póstaer, clúdaithe don chuid is mó ar dtús, agus ansin á nochtadh, diaidh ar ndiaidh.

M: “Tomhais céard atá sa phóstaer!”

P: “Tá Liam ag sciáil.”

(ionchur teanga)

- Chun ionchur teanga a dhéanamh, déanfaidh mé féin agus páistí aonair mím os comhair an ranga (ag snámh, ag tumadh, ag imirt gailf, ag imirt snúcair, ag dreapadóireacht, ag marcaíocht, ag péinteáil).

M: “Céard atá ar siúl agam?” P: “Tá tú ag_____.”

(ionchur teanga)

- Déanfaimid cur i gcéill.

M: “Cá raibh tú ar saoire?” P: “Bhí mé san Iodáil.”

M: “Céard a bhí ar siúl agat?” P: “Bhí mé ag péinteáil.”

M: “Ar thaitin sé leat?” P: “Thaitin sé go mór liom.”

An Tréimhse Cumarsáide:

(úsáid na teanga)

- Déanfaimid obair bheirte, an múinteoir agus páistí aonair ar dtús, ansin beirt pháistí leo féin, ansin beirteanna ar fud an ranga.
“Cá raibh tú ar saoire?” “Bhí mé i/sa_____.”
“Céard a bhí ar siúl agat?” “Bhí mé ag_____.”
“Ar thaitin sé leat?” “Thaitin sé go mór liom.”
- Le cóipleabhar agus peann luaidhe, déanfaidh gach páiste suirbhé, ag cur na gceisteanna thuas ar thriúr páistí eile agus ag breacadh síos na bhfreagraí.

An Tréimhse Iarchumarsáide:

(dul siar)

- Déanfaidh mé dul siar trí phlé a dhéanamh, ar bhonn ranga, ar thorthaí na suirbhéanna.
M: “Céard a bhí ar siúl ag Niamh sa Spáinn?”
M: “Ar thaitin Meiriceá le Tomás?”
- Scríobhfaidh gach páiste tuairisc bheag, “Ar Saoire”, ar an eolas a bheidh bailithe aige/aici sa suirbhé.

(anailís ar an teanga)

- Déanfaimid cleachtadh breise ar “liom/leat”
M&P: “Ar thaitin sé leat?”
M&P: “Thaitin sé go mór liom”.

(traschur go suíomh nua)

- Déanfaimid plé ar bhonn ranga:
M: “Cá raibh tú Dé Domhnaigh seo caite?”
M: “Céard a bhí ar siúl agat?”
M: “Ar thaitin sé leat?”

(ag féachaint ar aghaidh)

- Déarfaidh mé leis an rang:
M: “Beimid ag léamh cártaí poist amárach.”